



FOLÚNTAS

Bunaíodh Glór na nGael sa bhliain 1961 mar uirlis forbartha teanga tríd chomórtas idir grúpaí pobail. I 2014 ceapadh Glór na nGael mar cheanneagraíocht Gaeilge, ceann de na sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá freagracht ar leith ag Glór na nGael i dtír réimse oibre, forbairt na Gaeilge sa teaghlach; forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.

Tá áthas ar Ghlór na nGael an folúntas a leanas a fhógairt:

Oifigeach Forbartha – Páirtaimseartha & Painéal Leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin

Beidh ról an Oifigigh Forbartha tiomanta don phobal agus bainfidh an ról le fás agus forbairt Ghlór na nGael trí straitéis shainmhínte. Cuirfidh an t-iarrthóir rathúil an Ghaeilge chun cinn trí thimireacht, imeachtaí comhaontaithe agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar fud na hÉireann.

Samhlaítear go mbeidh an iarrthóir rathúil don ról seo lonnaithe san Iardheisceart, i gCo. Chiarraí/gCo. Chorcaí go príomha. Sin ráite, bíonn Glór na nGael ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda agus bíonn cúraim uile-oileánda ag gach fostaí dá réir sin. Chomh maith, beidh gá a bheith i láthair in oifigí Ghlór ó am go ham.

Próifíl an phoist

Post forbartha atá i gceist leis an bpost seo. Beidh ar an té a cheapfar ag tabhairt faoi;

- sheirbhísí Ghlór na nGael a fhorbairt sa réimse: Pobal go príomha (uaireanta beidh gá le tabhairt faoi obair trasrannach a dhéanamh)
- thimireacht a dhéanamh ar choistí Ghlór na nGael, bunú coistí nua san áireamh
- thacú le clárú, le forbairt agus le buanú na teanga i gclubanna CLG trí Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Donncha
- thacú le comhthionscadail idireagraíochta de réir mar is cuí
- sheirbhísí a bheadh úsáideach do mhórphobal na Gaeilge & na Gaeltachta a fhorbairt

Cur síos ar an té a cheapfar

- Céim ábhartha nó a chomhionann de thaithí
- Tá éirithe go maith leis nó léi go dtí seo i réimsí Gaeilge agus/nó forbartha pobail
- Ardscileanna cumarsáide idir scríofa agus labhartha, i nGaeilge (ag leibhéal B2 TEG) agus i mBéarla
- Bunscoil le ríomhaireachta
- Eolas praiticiúil ar úsáid na meáin shóisialta
- Gníomhach á c(h)oinneáil féin eolach ar chúrsaí Gaeilge, agus forbartha pobail
- Ar a c(h)umas obair as lámha a chéile le baill foirne agus le hoibrithe deonacha
- Spéis ar leith san fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- Ceadúnas glan iomlán agus fáil ar ghluaisteán

Stiúrthóirí: an tUas. Pat Carey, Cathaoirleach, An tAth. Séamus Ó hÉanaigh, An tAth. Tadhg Furlong,

Dr Máire Ní Annracháin, Dr Máire Ní Chiosáin, an tUas. Míicé Walsh

www.glornangael.ie 046 943 0974

Grád: Oifigeach Feidhmiúcháin

Scála Tuarastail: De réir Ciorcláin 22/2017 | Aguisín 2A (€29,026 - €49,465: pro-rata)

Téarma: Conradh 3 bliana

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Spriocdháta:

Is gá CV agus litir chumhdaigh a chur chuig post@glornangael.ie faoin **Céadaoin 6 Feabhra 2019 ag 5.00i.n.** agus samhlaítear go mbeidh na hagallaimh don ról seo ar siúl i Ráth Chairn ar an **Céadaoin 13 Feabhra 2018.**

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Ar mhaithe lenár ndualgais a chomhlíonadh faoi RGCS tá sé riachtanach dúinn cúis dleathach a bheith againn do chuid sonraí pearsanta mar a bhaineann sé le d'iarratas a phróiseáil agus a stóráil.

Is cóir don iarrthóir a thuiscint go bhfuil leas dlisteanach ag Glór na nGael faoi reachtaíocht fostaíochta na sonraí seo a choimeád ar feadh tréimhse bliana.

Scríosfar na sonraí pearsanta seo nuair a théann an tréimhse ama sin in éag nó i gcás iarrthóir rathúil, coinnítear na sonraí pearsanta ar thaifead go dtí go gcríochnaíonn fostaíocht an fhostaí leis an eagraíocht.